AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2022
COM(2022) 574 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún faoi Rialachán (AE) 2017/1004 maidir le creat Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh

1. CÚLRA

Le Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh[1]. Faoi Airteagal 4 den Rialachán sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún clár ilbhliantúil a ghlacadh maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe. Le hAirteagal 4(1) cumhachtaítear don Choimisiún liosta mionsonraithe de cheanglais a ghlacadh le gníomh tarmligthe, eadhon an liosta mionsonraithe de cheanglais sonraí chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 2 agus 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh[2], ar cuid den chlár ilbhliantúil iad, a chur i gcrích.

Tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go ceann tréimhse 3 bliana ón 10 Iúil 2017. Cuirtear síneadh leis an gcumhacht sin go hintuigthe go ceann tréimhsí 3 bliana mura rud é go ndéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne sin. I gcomhréir le hAirteagal 24(2), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta[3]. Comhlíonann an tuarascáil seo an oibleagáid sin.

2. FEIDHMIÚ CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE AG AN gCOIMISIÚN FAOI RIALACHÁN (AE) 2017/1004

Chuaigh clár ilbhliantúil 2020-2021[4] in éag an 31 Nollaig 2021. D'úsáid an Coimisiún a chumhacht tarmligthe chun Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún[5] an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022, a ghlacadh. Leis an gCinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún, déantar athbhreithniú ar fhorálacha agus rialacha comhfhreagracha Chinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún. Chun críoch an chláir ilbhliantúil, ní mór an Cinneadh seo a mheas i gcomhar le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún[6], a glacadh an 27 Aibreán 2021.

3. CONCLÚID

D'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe ar dhul in éag do Chinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún in 2021. Le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún, bunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí

---

1 IO L 157, 20.6.2017, lgh. 1-21, Airteagal 24.

2 IO L 354, 28.12.2013, lgh. 22-61.

3 IO L 157, 20.6.2017, lgh. 1-21, Airteagal 24.

4 Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena mbunaítear clár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 27) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2019 lena mbunaítear an liosta suirbhéanna taighde éigeantacha agus tairseach chun críocha an chláir ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 21).

5 IO L 253, 16.7.2021, lch. 51.

6 IO L 253, 16.7.2021, lch. 92.

bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022, agus áirithítear ar an gcaoi sin cur chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1004. Cé nach luaitear dáta deiridh sa chlár ilbhliantúil, beidh sé riachtanach é a athbhreithniú amach anseo, chun freastal ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn, agus chun a raon feidhme a oiriúnú do phróifílí iascaigh agus do cheanglais bheartais atá ag athrú. Feictear don Choimisiún gur gá síneadh a chur le tréimhse an chumhachtaithe chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina dhiaidh sin lena mbunófar cláir ilbhliantúla de chuid an Aontais.